**Cás C-605/21**

**Heureka Group a.s.**

**v**

**Google LLC**

(iarraidh ar réamhrialú arna taisceadh ag Městský soud v Praze)

**Breithiúnas na Cúirte (an Mór-Dhlísheomra) an 18 Aibreán 2024**

(Tarchur chun réamhrialú – Airteagal 102 CFAE – Prionsabal na héifeachtachta – Caingne i leith damáistí as sáruithe ar fhorálacha dhlí iomaíochta an Aontais – Treoir 2014/104/AE – Trasuí déanach Treorach – Cur i bhfeidhm ó thaobh ama de – Airteagal 10 – Tréimhse theorann – Socruithe *dies a quo* – Deireadh leis an sárú – Faisnéis riachtanach chun caingne le haghaidh damáistí a thionscnamh – Achoimre ar chinneadh ón gCoimisiún Eorpach lena gcinntear go ndearnadh sárú ar rialacha iomaíochta a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* – Éifeacht cheangailteach cinneadh ón gCoimisiún nach bhfuil tagtha chun bheith críochnaitheach go fóill – Cur ar fionraí nó briseadh na tréimhse teorann le linn imscrúdú an Choimisiúin nó go dtí an dáta a dtiocfaidh an cinneadh chun bheith críochnaitheach)

1. *Iomaíocht – Caingne le haghaidh cúiteamh ar dhamáiste mar gheall ar shárú ar rialacha iomaíochta – Treoir 2014/104 – Cur i bhfeidhm ó thaobh ama de – Forálacha lena leagtar síos ceanglais áirithe i dtaca leis an tréimhse theorann is infheidhme i leith caingne le haghaidh damáistí – Foráil shubstainteach – Toirmeasc ar chur i bhfeidhm cúlghabhálach reachtaíochta náisiúnta trasuite*
*(Treoir 2014/104 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Airteagail 10 agus 22)*

(féach míreanna 47-49)

2. *Iomaíocht – Caingne le haghaidh cúiteamh ar dhamáiste mar gheall ar shárú ar rialacha iomaíochta – Treoir 2014/104 – Cur i bhfeidhm ó thaobh ama de – Caingne le haghaidh damáistí arna ndéanamh trí mhí-úsáid ceannasachta a thosaigh roimh theacht i bhfeidhm na Treorach – Infheidhmeacht ó thaobh ama de na forála den Treoir lena leagtar síos ceanglais áirithe i dtaca leis an tréimhse theorann – Coinníoll – Caingne le haghaidh damáistí nach bhfuil cosc ama orthu go fóill ar dhul in éag an spriocdháta chun an Treoir a thrasuí – Túsphointe na tréimhse teorann le haghaidh na gcaingne sin – Infheidhmeacht an dlí náisiúnta – Teorainneacha – Comhlíonadh Airteagal 102 CFAE agus phrionsabal na héifeachtachta – Teorainn ama náisiúnta nach féidir leis tosú go dtí go mbeidh deireadh tagtha leis an sárú agus go mbeidh an fhaisnéis riachtanach chun caingean a thionscnamh ar eolas ag an bpáirtí díobhálaithe – An fhaisnéis sin a bheith ar eolas tráth a fhoilsítear*

*achoimre den chinneadh ón gCoimisiún maidir leis an sárú – Cinneadh nach bhfuil tagtha chun bheith críochnaitheach go fóill – Neamhábhartha*
*(Airteagal 102 CFAE; Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle 2014/104, Airteagail 10 agus 22)*

(féach míreanna 50-78, 82-88)

3. *Ceannasacht – Mí-úsáid – Toirmeasc – Éifeacht dhíreach – Ceart daoine aonair chun cúiteamh a lorg as damáiste a bhain dóibh – Socruithe um fheidhmiú – Tréimhsí teorann – Reachtaíocht náisiúnta nach ndéantar foráil inti don tréimhse theorann a chur ar fionraí nó a bhriseadh le linn imscrúdú an Choimisiúin – Neamh-incheadaithe – Reachtaíocht náisiúnta nach ndéantar foráil léi don tréimhse theorann a chur ar fionraí go dtí go dtugtar cinneadh críochnaitheach ón gCoimisiún – Incheadaitheacht*
*(Airteagal 102 CFAE)*

(féach míreanna 79, 80)

4. *Iomaíocht – Caingne le haghaidh cúiteamh as damáiste mar gheall ar shárú ar rialacha iomaíochta – Treoir 2014/104 – Tréimhse theorann is infheidhme i leith caingne le haghaidh damáistí – An tréimhse theorann a chur ar fionraí i ndiaidh gníomh ó údarás iomaíochta maidir le himscrúdú nó ionchúiseamh an tsáraithe atá i gceist*
*(Treoir 2014/104 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Airteagail 10(2) agus (4))*

(féach míreanna 90, 91)

5. *Gníomhartha na n-institiúidí – Treoracha – Cur i bhfeidhm ag na Ballstáit – An gá le héifeachtacht Treoracha a áirithiú – Oibleagáidí na gcúirteanna náisiúnta – Oibleagáid an dlí náisiúnta a léiriú i gcomhréir le dlí an Aontais Eorpaigh – Raon feidhme – Léiriú contra legum ar an dlí náisiúnta – Eisiamh*
*(Airteagal 288(3) CFAE)*

(féach mír 93)

**Résumé**

Agus iarraidh ar réamhrialú faoina bráid, rialaíonn Mór-Dhlísheomra na Cúirte ar na ceanglais nach mór do na rialacha náisiúnta maidir le tréimhsí teorann is infheidhme maidir le caingne le haghaidh damáistí arna dtionscnamh os comhair na gcúirteanna náisiúnta as sáruithe ar dhlí iomaíochta an Aontais a chomhlíonadh. Tugtar na soiléirithe sin i gcomhthéacs caingean le haghaidh damáistí arna tabhairt ag gnóthas de chuid na Seice i gcoinne Google LLC mar gheall ar mhí-úsáid ceannasachta ar thaobh Google agus a mháthairchuideachta, Alphabet Inc., i bPoblacht na Seice.

Le cinneadh an 27 Meitheamh 2017[1], chinn an Coimisiún Eorpach gur sháraigh Google, ó thús mhí Feabhra 2013, Airteagal 102 CFAE trí mhí-úsáid a bhaint as a cheannasacht in 13 mhargadh náisiúnta le haghaidh seirbhísí cuardaigh ghinearálta, lena n-áirítear margadh Phoblacht na Seice, trí thrácht ó leathanaigh torthaí cuardaigh ghinearálta go seirbhísí siopadóireachta comparáide iomaíocha a laghdú agus trí thrácht a mhéadú go dtí a sheirbhís siopadóireachta comparáide féin. Foilsíodh achoimre den chinneadh sin an 12 Eanáir 2018 in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*[2].

Thionscain Google agus Alphabet caingean os comhair na Cúirte Ginearálta i gcoinne an chinnidh sin, agus diúltaíodh di go bunúsach[3]. Mar sin féin, de bhrí go bhfuil an t-achomharc arna thabhairt i gcoinne bhreithiúnas na Cúirte Ginearálta fós ar feitheamh os comhair na Cúirte Breithiúnais, níl cinneadh an Choimisiúin tagtha chun bheith críochnaitheach go fóill.

I mí an Mheitheamh 2020, thug Heureka Group a.s. ('Heureka'), cuideachta de chuid na Seice atá gníomhach ar an margadh i seirbhísí comparáide praghsanna díolacháin, caingean os comhair Městský soud v Praze (Cúirt Dúiche Phrág, Poblacht na Seice) ag lorg ordú i gcoinne Google cúiteamh a íoc as sárú ar Airteagal 102 CFAE arna thabhairt faoi deara i gcinneadh an Choimisiúin agus arna dhéanamh i bPoblacht na Seice le linn na tréimhse ó mhí Feabhra 2013 go dtí an 27 Meitheamh 2017. Dar le Heureka, laghdaíodh líon na gcuairteanna ar an tairseach Heureka.cz mar gheall ar ghníomhartha frithiomaíocha Google.

Mar chosaint, mhaígh Google go raibh cosc ama, ar a laghad go páirteach, ar cheart chun cúitimh Heureka.

I ndáil leis sin, sonraíonn Cúirt Chathrach Phrág go bhforáiltear leis na rialacha náisiúnta is infheidhme i leith chaingean Heureka do thréimhse theorann trí bliana a thosaíonn, go neamhspleách agus ar leithligh le haghaidh gach damáiste pháirtigh de thoradh sárú ar rialacha iomaíochta ón tráth a bheidh an páirtí díobhálaithe ar an eolas nó a mheastar go bhfuil sé ar an eolas gur bhain díobháil pháirteach den sórt sin dó, mar aon le céannacht an duine a cheanglaítear air an damáiste sin a chúiteamh. Chun go dtosóidh an tréimhse sin, ní cheanglaítear, áfach, go mbeidh an páirtí díobhálaithe ar an eolas gur sárú faoi dhlí na hiomaíochta é an sárú lena mbaineann, ná go bhfuil deireadh tagtha leis an sárú sin. Thairis sin, leis na rialacha náisiúnta is infheidhme, ní cheanglaítear an tréimhse theorann a chur ar fionraí ná a bhriseadh le linn imscrúdú an Choimisiúin ar an sárú. Ní féidir an tréimhse chéanna sin a chur ar fionraí ach an oiread, ar a laghad go dtí bliain tar éis an dáta a thiocfaidh an cinneadh ón gCoimisiún maidir leis an sárú sin chun bheith críochnaitheach.

Dar le Cúirt Chathrach Phrág, is léir ón méid sin, sa chás seo, go mbeadh tréimhse theorann nua agus ar leithligh tosaithe le gach cuardach ginearálta a dhéantar ar shuíomh Google ónar léiríodh suíomh agus taispeáint torthaí atá níos fabhraí do sheirbhís comparáide praghsanna Google.

Ina theannta sin, ós rud é gur trasuíodh Treoir 2014/104[4] go déanach i ndlí na Seice, tugann Cúirt Chathrach Phrág dá haire gur tháinig deireadh leis an sárú a cuireadh i leith Google tar éis dhul in éag an spriocdháta chun an Treoir sin a thrasuí, eadhon an 27 Nollaig 2016, ach roimh dháta theacht i bhfeidhm na reachtaíochta trasuite an 1 Meán Fómhair 2017.

[1] Cinneadh C(2017) 4444 final ón gCoimisiún an 27 Meitheamh 2017 a bhaineann le nós imeachta faoi Airteagal 102 [CFAE] agus Airteagal 54 de Chomhaontú LEE [Cás AT.39740 - Inneall cuardaigh Google (Shopping)].

[2] IO 2018 C 9, lch. 11.

[3] Breithiúnas an 10 Samhain 2021, *Google agus Alphabet* v *an Coimisiún (Google Shopping)* (T-612/17, EU:T:2021:763).

[4] Treoir 2014/104/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Samhain 2014 maidir le rialacha áirithe lena rialaítear caingne i leith damáistí faoin dlí náisiúnta maidir le sáruithe ar fhorálacha dhlí iomaíochta na mBallstát agus an Aontais Eorpaigh (IO 2014 L 349, lch. 1).

I bhfianaise an mhéid sin thuas, chuir Cúirt Chathrach Phrág roinnt ceisteanna le haghaidh réamhrialú faoi bhráid na Cúirte Breithiúnais chun a fháil amach, go bunúsach, an gcuirtear cosc le hAirteagal 10 de Threoir 2014/104 agus/nó Airteagal 102 CFAE agus prionsabal na héifeachtachta ar reachtaíocht náisiúnta maidir le cosc ama amhail í atá i gceist sna príomhimeachtaí i gcás caingne le haghaidh damáistí i ndáil le sáruithe leanúnacha ar rialacha dhlí na hiomaíochta san Aontas Eorpach.

***Measúnú na Cúirte***

D'fhonn na ceisteanna le haghaidh réamhrialú a fhreagairt, scrúdaíonn an Chúirt infheidhmeacht Airteagal 10 de Threoir 2014/104 ó thaobh ama de maidir le caingne le haghaidh damáistí i leith sáruithe ar dhlí na hiomaíochta agus an tráth is luaithe a fhéadfaidh an tréimhse sin tosú agus na himthosca ina bhféadfar an tréimhse theorann sin a chur ar fionraí nó a bhriseadh.

I ndáil leis sin, tugann an Chúirt faoi deara gur foráil shubstainteach é Airteagal 10 de Threoir 2014/104, rud a fhágann, de bhun Airteagal 22(1) den Treoir sin, nach mór do na Ballstáit féachaint chuige nach mbeidh feidhm go cúlghabhálach ag forálacha trasuite an Airteagail sin. Mar sin féin, ón tráth a théann an spriocdháta chun an Treoir sin a thrasuí in éag, eadhon an 27 Nollaig 2016, ní mór an dlí náisiúnta a léamh i gcomhréir le gach foráil den Treoir sin.

Sa chomhthéacs sin, chun infheidhmeacht ó thaobh ama d'Airteagal 10 de Threoir 2014/104 a chinneadh sa chás sin, fíoraíonn an Chúirt an raibh an staid dhlíthiúil atá i gceist sna príomhimeachtaí tagtha chun cinn roimh an 27 Nollaig 2016 nó an raibh éifeachtaí fós aici ina dhiaidh sin.

Chuige sin, ní mór a fháil amach an raibh an tréimhse theorann náisiúnta is infheidhme sa chás atá i dtrácht sna príomhimeachtaí imithe in éag an 27 Nollaig 2016. Sa chomhthéacs sin, ní mór a chur san áireamh, fiú roimh dhul in éag an spriocdháta chun Treoir 2014/104 a thrasuí, gur gá do na rialacha náisiúnta is infheidhme maidir le tréimhsí teorann prionsabail na coibhéise agus na héifeachtachta a urramú agus ní fhéadfadh siad lánéifeachtacht Airteagal 102 CFAE a chur ó mhaith.

Ceanglaíonn lán-éifeachtacht Airteagal 102 CFAE agus, go sonrach, éifeachtacht an toirmisc a leagtar síos san Airteagal sin nach dtosóidh na tréimhsí teorann náisiúnta is infheidhme maidir le caingne le haghaidh damáistí i leith sáruithe ar an Airteagal sin sula mbeidh deireadh tagtha leis an sárú agus an páirtí díobhálaithe ar an eolas nó go bhféadfaí a bheith ag súil leis go réasúnta go raibh an fhaisnéis riachtanach chun a chaingean le haghaidh damáistí a thionscnamh ar eolas aige.

Maidir leis an gcéad choinníoll a bhaineann le deireadh a bheith tagtha leis an sárú, measann an Chúirt, ós rud é go mbíonn éagothroime faisnéise chun dochair don pháirtí díobhálaithe i gceist sna díospóidí a bhaineann le sáruithe ar rialacha dhlí na hiomaíochta agus gur minic a bhíonn sé an-deacair ar an duine sin an sárú féin agus a raon feidhme mar aon le méid an damáiste mar gheall ar an sárú a léiriú sula mbeidh deireadh tagtha leis an sárú sin, is gá an ceanglas nach bhféadfaidh an tréimhse theorann tosú go dtí go mbeidh deireadh tagtha leis an sárú lena mbaineann ionas go mbeidh an páirtí díobhálaithe in ann a cheart chun cúiteamh iomlán a lorg a fheidhmiú go héifeachtach, de bhun Airteagal 102 CFAE. Thairis sin, de bhrí go mbíonn sé, go ginearálta, deacair ar an bpáirtí díobhálaithe a chruthú gur sáraíodh an tAirteagal sin in éagmais cinneadh ón gCoimisiún nó údarás náisiúnta go ndearnadh an sárú sin, bheadh rialacha maidir le

tréimhsí teorann faoina bhféadfadh an tréimhse theorann dul in éag i bhfad roimh chinneadh den sórt sin a ghlacadh de chineál go bhfágtar go bhfuil feidhmiú an chirt chun cúiteamh iomlán a lorg ródheacair.

Maidir leis an dara coinníoll go bhfuil an fhaisnéis atá riachtanach chun caingean le haghaidh damáistí a thionscnamh ar eolas ag an duine díobhálaithe, meabhraíonn an Chúirt go n-áirítear ar an bhfaisnéis sin gurb ann do shárú ar dhlí na hiomaíochta, gurb ann do dhíobháil, go bhfuil nasc cúisíoch idir an díobháil agus an sárú sin agus céannacht dhéantóir na díobhála sin.

Cé gur faoin gcúirt a rinne an tarchur atá sé, sa chás seo, an dáta a bhí an fhaisnéis seo ar eolas ag Heureka a chinneadh, measann an Chúirt fós gur fiú a lua, i bprionsabal, gurb ionann an tráth sin agus dáta foilsithe achoimre den chinneadh ón gCoimisiún maidir leis an sárú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, beag beann ar an gcinneadh sin a bheith tagtha chun bheith críochnaitheach.

Sonraíonn an Chúirt, thairis sin, go gceanglaítear le hAirteagal 102 CFAE agus le prionsabal na héifeachtachta go gcuirfear ar fionraí nó go mbrisfear an tréimhse theorann le linn thréimhse an imscrúdaithe arna dhéanamh ag an gCoimisiún. Os a choinne sin, ní cheanglaítear leis an Airteagal agus leis an bprionsabal sin go leanfaidh an tréimhse theorann de bheith ar fionraí go dtí go dtiocfaidh an cinneadh ón gCoimisiún chun bheith críochnaitheach. Go deimhin, féadfaidh páirtí díobhálaithe, mar thaca lena chaingean le haghaidh damáistí, brath ar chinntí i gcinneadh an Choimisiúin nach bhfuil tagtha chun bheith críochnaitheach, ós rud é go bhfuil éifeacht cheangailteach ag an gcinneadh sin fad nár cuireadh ar neamhní é.

I bhfianaise an mhéid sin thuas, measann an Chúirt go bhfuil rialacha náisiúnta maidir le tréimhsí teorann, amhail iad atá i gceist sna príomhimeachtaí, ar dá réir a thosaíonn an tréimhse theorann trí bliana go neamhspleách agus ar leithligh le haghaidh gach damáiste pháirtigh mar gheall ar an sárú ar Airteagal 102 CFAE ón tráth a bhíonn an páirtí díobhálaithe ar an eolas nó gur féidir a bheith ag súil leis go réasúnta go raibh sé ar an eolas gur bhain damáiste páirteach dó agus go raibh céannacht an duine a cheanglaítear air an damáiste sin a chúiteamh ar eolas aige, agus gan gá go bhfuil deireadh tagtha leis an sárú ná go bhfuil an duine sin ar an eolas gur sárú ar rialacha na hiomaíochta atá i gceist agus nach féidir an tréimhse theorann sin a chur ar fionraí ná a bhriseadh le linn imscrúdú an Choimisiúin a bhaineann le sárú den sórt sin, ar neamhréir le hAirteagal 102 CFAE agus le prionsabal na héifeachtachta, a mhéid a fhágann siad go bhfuil sé nach mór dodhéanta nó ródheacair an ceart chun cúiteamh a lorg ar an damáiste a bhain dó a fheidhmiú.

Dá bhrí sin, is in éagmais na ngnéithe sin de na rialacha maidir le tréimhsí teorann atá ar neamhréir le hAirteagal 102 CFAE agus le prionsabal na héifeachtachta a chaithfear a chinneadh, ar dháta dul in éag an spriocdháta chun Treoir 2014/104 a thrasuí, eadhon an 27 Nollaig 2016, an bhfuil an tréimhse theorann arna socrú leis an dlí náisiúnta, a bhfuil feidhm aici sa chás atá i gceist sna príomhimeachtaí go dtí an dáta sin, imithe in éag.

I ndáil leis sin, is léir ón gcinneadh ón gCoimisiún maidir leis an mí-úsáid ceannasachta ar thaobh Google nach raibh deireadh tagtha leis an sárú sin ar an dáta a glacadh an cinneadh sin, eadhon an 27 Meitheamh 2017. Dá bhrí sin, ar dháta dhul in éag an spriocdháta chun Treoir 2014/104 a thrasuí, ní hamháin nach raibh an tréimhse theorann imithe in éag ach ní raibh sí tosaithe fiú.

Ós rud é nach raibh an staid atá i gceist sna príomhimeachtaí tagtha chun cinn roimh dhul in éag an spriocdháta chun Treoir 2014/104 a thrasuí, tá feidhm ag Airteagal 10 den Treoir sin *ratione temporis*. Cinneann an Chúirt gur léir ó Airteagal 10(2) agus (4) go bhfuil na rialacha náisiúnta maidir le tréimhsí teorann atá i gceist ar neamhréir leis an bhforáil sin. Tugann sí dá haire, go sonrach, go gceanglaítear leis an dara habairt d'Airteagal 10(4) sin feasta go dtiocfaidh deireadh le fionraíocht tréimhse teorann i ndiaidh gníomh ó údarás iomaíochta chun sárú ar dhlí na hiomaíochta lena mbaineann caingean le haghaidh damáistí a imscrúdú nó a ionchúiseamh tráth nach luaithe ná bliain tar éis an dáta a thiocfaidh an cinneadh go bhfuil sárú ann chun bheith críochnaitheach nó lena gcuirtear deireadh leis an nós imeachta ar bhealach eile. Óna thaobh sin de, téann an fhoráil sin níos faide ná na ceanglais a eascraíonn ó Airteagal 102 CFAE agus prionsabal na héifeachtachta.

Ar deireadh, meabhraíonn an Chúirt nach féidir Treoir nach bhfuil trasuite a agairt go díreach i ndíospóid idir daoine aonair, ach go bhfuil sé d'oibleagáid ar an gcúirt náisiúnta a bhfuil díospóid den sórt sin os a comhair an dlí náisiúnta a léiriú i gcomhréir leis an Treoir sin a luaithe a théann an spriocdháta le haghaidh Treoir nach bhfuil trasuite in éag, gan léiriú *contra legum* a dhéanamh ar an dlí náisiúnta, áfach.